



---

*Uimhir 10 de 2015*

---

**AN tACHT LUACHÁLA (LEASÚ), 2015**

*[An tiontú oifigiúil]*

---

**RIAR NA NALT**

**Alt**

1. Míniú
2. Leasú ar alt 3 den Phríomh-Acht
3. Leasú ar alt 4 den Phríomh-Acht
4. Leasú ar alt 9 den Phríomh-Acht
5. Leasú ar alt 13 den Phríomh-Acht
6. Leasú ar alt 17 den Phríomh-Acht
7. Leasú ar alt 19 den Phríomh-Acht
8. Leasú ar alt 21 den Phríomh-Acht
9. Leasú ar alt 23 den Phríomh-Acht
10. Leasú ar alt 24 den Phríomh-Acht
11. Leasú ar alt 26 den Phríomh-Acht
12. Luacháil áititheoir-chuidithe
13. Bainisteoir athbhreithnithe d'athbhreithniú liostaí luachála
14. Foráil fhorlíontach i ndáil le halt 13 – an tréimhse ama ar lena linn is gá breith a thabhairt ar athbhreithniú
15. Leasú ar alt 29 den Phríomh-Acht
16. I gcás go dtabharfaidh bainisteoir athbhreithnithe breith gan luacháil a athbhreithniú
17. Ailt 30 go 33 den Phríomh-Acht a aisghairm
18. Achomhairc chun an Bhinse

19. Leasú ar alt 35 den Phríomh-Acht
20. Leasú ar alt 37 den Phríomh-Acht
21. Leasú ar alt 38 den Phríomh-Acht
22. Alt 40 den Phríomh-Acht a aisghairm
23. Leasú ar alt 43 den Phríomh-Acht
24. Leasú ar alt 45 den Phríomh-Acht
25. Leasú ar alt 46 den Phríomh-Acht
26. Leasú ar alt 47 den Phríomh-Acht
27. Leasú ar alt 48 den Phríomh-Acht
28. Leasú ar alt 50 den Phríomh-Acht
29. Leasú ar alt 53 den Phríomh-Acht
30. Leasú ar alt 55 den Phríomh-Acht
31. Leasú ar alt 56 den Phríomh-Acht
32. Talamh Stáit
33. Leasú ar alt 60 den Phríomh-Acht
34. Leasú ar alt 62 den Phríomh-Acht
35. Leasú ar alt 63 den Phríomh-Acht
36. Pionóis
37. Leasú ar Chuid 13 den Phríomh-Acht
38. Leasú ar Sceideal 2 a ghabhann leis an bPríomh-Acht
39. Leasú ar Sceideal 4 a ghabhann leis an bPríomh-Acht
40. Leasú ar Sceideal 5 a ghabhann leis an bPríomh-Acht
41. Forálacha idirthréimhseacha (ailt 43 go 45) – ráiteas ginearálta faoina n-éifeacht, lena n-áirítear a réim a shoiléiriú
42. Forálacha idirthréimhseacha – léiriú ar ailt 43 go 45
43. An chéad earnáil de chásanna idirthréimhseacha – i gcás go n-eisítear deimhnithe luachála cóipe faoi alt 26 den Phríomh-Acht
44. An dara hearnáil de chásanna idirthréimhseacha – i gcás nach mbeidh beart amháin nó níos mó sa phróiseas athbhreithnithe curtha i gcrích

45. An tríú hearnáil de chásanna idirthréimhseacha – i gcás go mbeidh an próiseas luachála nó athbhreithnithe curtha i gcrích ach nach mbeidh an tréimhse le haghaidh achomhairc caite nó nach mbeifear tar éis an t-achomharc a chinneadh go hiomlán
  46. Gearrtheideal, comhlua agus tosach feidhme
-

NA hACHTANNA DÁ dTAGRAÍTEAR

- An tAcht Carthanas, 2009 (Uimh. 6)
- An tAcht Iascaigh (Comhdhlúthú), 1959 (Uimh. 14)
- An tAcht Cuanta, 1996 (Uimh. 11)
- An tAcht um Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Cúrsaí Airgeadais), 2014 (Uimh. 17)
- Na hAchtanna Ceadúnúcháin, 1833 go 2011
- An tAcht Rialtais Áitiúil, 1946 (Uimh. 24)
- An tAcht Rialtais Áitiúil, 1994 (Uimh. 8)
- An tAcht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014 (Uimh. 1)
- An tAcht Airí agus Rúnaithe (Leasú), 2011 (Uimh. 10)
- An tAcht fán Scéim um Thacaíocht Tithe Banaltrais, 2009 (Uimh. 15)
- Registration of Clubs (Ireland) Act*, 1904 (4 Edw. 7, c.9)
- An tAcht Maoine Stáit, 1954 (Uimh. 25)
- An tAcht Luachála, 2001 (Uimh. 13)
- Na hAchtanna Luachála, 2001 go 2014
- An tAcht um Sheirbhísí Uisce, 2014 (Uimh. 44)



---

*Uimhir 10 de 2015*

---

## **AN tACHT LUACHÁLA (LEASÚ), 2015**

*[An tiontú oifigiúil]*

---

Acht do leasú an Achta Luachála, 2001 agus d'éascú liostaí luachála a tharraingt suas agus a thiomsú agus a chothabháil ionas go mbeidh na luachálacha a shocraítear ar mhaoine inráitithe i limistéar údaráis rátúcháin (a mhéid is indéanta le réasún) ceart agus cothromasach araon agus aonghnéitheach i gcoibhneas le chéile, do dhéanamh socrú maidir leis na háititheoirí féin do ghabháil gach céim nó céim amháin nó níos mó i ndáil le luacháil áitribh áirithe de láimh, do dhéanamh socrú i dtaobh nithe áirithe a bhaineann le maoin stáit agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe gaolmhara.

[23 Aibreán 2015]

**Achtaítear ag an Oireachtas mar a leanas:**

### **Míniú**

1. San Acht seo, ciallaíonn “Príomh-Acht” an tAcht Luachála, 2001.

### **Leasú ar alt 3 den Phríomh-Acht**

2. Leasaítear alt 3 den Phríomh-Acht—

(a) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar “eagraíocht charthanúil”:

“ciallaíonn ‘eagraíocht charthanúil’ eagraíocht charthanúil de réir bhrí alt 2 den Acht Carthanas, 2009 atá taifeadta sa chlár eagraíochtaí carthanúla de bhun Chuid 3 den Acht sin;”,

(b) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh an mhínithe ar “áitreabh baile”:

“tá le ‘dáta éifeachtach’ an bhrí a shanntar dó le halt 21;”,

(c) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh an mhínithe ar “deimhniú luachála uileghabhálaí”:

“ciallaíonn ‘luacháil tosaigh’ an luacháil a chuireann an t-áititheoir isteach i ndáil le maoin de bhun rialacháin arna ndéanamh faoi alt 26B;”,

(d) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar “athrú ábhartha ar imthosca”:

“ciallaíonn ‘athrú ábhartha ar imthosca’ athrú ar imthosca arb éard iad—

- (a) maoin iomchuí nuathógtha nó nuafhoirgnithe nó maoin iomchuí do theacht chun bheith ann, nó
- (b) athrú ar luach maoin iomchuí arb é is cúis leis—
  - (i) athruithe déanmhais a dhéanamh ar an maoin iomchuí sin, nó
  - (ii) aon fhoirgneamh nó aon tógáil eile ar cuid den mhaoin iomchuí sin é nó í a dhíothú go hiomlán nó go páirteach le tine nó ar aon chúis fhisiceach eile,
- nó
- (c) aon teagmhas do tharlú trína dtosófar de bheith ag déileáil, nó trína scoirfear de bheith ag déileáil, le haon mhaoin nó le cuid d’aon mhaoin mar mhaoin iomchuí, nó
- (d) aon teagmhas do tharlú trína dtosófar de bheith ag déileáil, nó trína scoirfear de bheith ag déileáil, le haon mhaoin iomchuí mar mhaoin a thagann faoi réim Sceideal 4, nó
- (e) maoin arna luacháil roimhe sin mar mhaoin iomchuí aonair do theacht faoi dhliteanas í a luacháil mar 2 mhaoin iomchuí nó níos mó, nó
- (f) maoin arna luacháil roimhe sin mar 2 mhaoin iomchuí nó níos mó do theacht faoi dhliteanas í a luacháil mar mhaoin iomchuí aonair, nó
- (g) gur bogadh nó gur aistríodh maoin iomchuí ó dhlínse údaráis rátúcháin amháin go dlínse údaráis rátúcháin eile, nó
- (h) maoin iomchuí nó cuid d’aon mhaoin iomchuí do theacht chun bheith ceadúnaithe nó do scor de bheith ceadúnaithe faoi na hAchtanna Ceadúnúcháin, 1833 go 2011;”,

(e) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh an mhínithe ar “áititheoir”:

“ciallaíonn ‘oifigeach don Choimisinéir’—

- (a) duine is oifigeach don Choimisinéir, nó
  - (b) duine dá dtugtar cumhacht, de bhua socruithe arna ndéanamh faoi alt 9(11), feidhmeanna nó codanna d’fheidhmeanna a chomhlíonadh faoin Acht seo;”,
- (f) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar “údarás rátúcháin” (a cuireadh isteach leis an Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014):

“ciallaíonn ‘údarás rátúcháin’ gach ceann díobh seo a leanas:

- (a) comhairle contae;
- (b) comhairle cathrach;

- (c) comhairle cathrach agus contae;
- (d) Iascach Intíre Éireann;”,
- (g) sa mhíniú ar “limistéar údaráis rátúcháin”, trí “agus i gcás Iascach Intíre Éireann, is é an Stát agus a uiscí teorann a limistéar feidhme, agus forléireofar abairtí gaolmhara dá réir sin” a chur in ionad “, agus forléireofar abairtí gaolmhara dá réir sin”,
- (h) tríd an míniú ar “oifigeach athbhreithnithe” a scriosadh,
- (i) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh an mhínithe ar “achtacháin aisghairthe”:
  - “tá le ‘bainisteoir athbhreithnithe’ an bhrí a shanntar dó le fo-ailt (2)(a) agus (3) d’alt 28;”,
- (j) sa mhíniú ar “luach”—
  - (i) i mír (a), trí “a shonraítear i mír 1(o) den Sceideal sin nó”, a scriosadh agus
  - (ii) trí mhír (b) a scriosadh.

#### **Leasú ar alt 4 den Phríomh-Acht**

3. Leasaítear alt 4 den Phríomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1)(b):

“(b) d’achomharc arna dhéanamh chun an Bhinse faoi alt 34, nó”.

#### **Leasú ar alt 9 den Phríomh-Acht**

4. Leasaítear alt 9(11) den Phríomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur in ionad “faoin Acht seo”:

“faoin Acht seo, lena n-áirítear socruithe a dhéanamh le daoine (seachas oifigigh don Choimisinéir) chun na feidhmeanna sin nó na codanna de na feidhmeanna sin a chomhlíonadh, lena n-áirítear feidhmeanna i leith aicmí éagsúla maoine iomchuí nó limistéar geografach éagsúil laistigh de limistéir údaráis rátúcháin”.

#### **Leasú ar alt 13 den Phríomh-Acht**

5. Leasaítear alt 13 den Phríomh-Acht—

- (a) trí “(1)” a chur isteach roimh “Déanfaidh an Coimisinéir”, agus
- (b) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

“(2) Gan dochar do ghinearáltacht fho-alt (1) nó alt 19(5), i gcás gur deimhin leis an gCoimisinéir gur cuí déanamh amhlaidh, féadfar glanluach bliantúil maoine áirithe nó aicmí maoine a chinneadh trí shonraí ginearálta margaidh, nó sonraí comhiomlánaithe (lena n-áirítear sonraí arna bhfáil ó theicnící staidrimh agus ríomhchuidithe) a úsáid, ar dóigh dóibh a bheith ionadaitheach d’aicme áirithe maoine.”.

**Leasú ar alt 17 den Phríomh-Acht**

6. Leasaítear alt 17 den Phríomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-ailt (2) agus (3):

“(2) D’ainneoin fho-alt (1), chun críocha aon luacháil a bheidh le déanamh faoin Acht seo, féadfaidh oifigeach, má mheasann sé nó sí gur cuí déanamh amhlaidh ag féachaint d’imthosca an ní—

(a) maoine iomchuí tadhlacha atá á n-áitiú ag aon duine amháin a luacháil nó a chur faoi deara iad a luacháil mar mhaoine iomchuí aonair cé go bhfuil na maoine sin á sealbhú faoi theidil éagsúla, agus

(b) más rud é go bhfuil 2 chuid nó níos mó i maoin iomchuí is féidir a áitiú ar leithligh, na codanna éagsúla a luacháil nó a chur faoi deara iad a luacháil mar mhaoine iomchuí ar leithligh cé go bhfuil na codanna sin á n-áitiú ag an aon duine amháin.

(3) D’ainneoin fho-alt (1), chun críocha aon luacháil a bheidh le déanamh faoin Acht seo, i gcás maoine iomchuí neamhthadhlacha atá á n-áitiú ag an aon duine amháin, féadfaidh oifigeach na maoine sin a luacháil nó a chur faoi deara iad a luacháil mar mhaoine iomchuí aonair más rud é, i dtuairim an oifigigh, nach féidir teacht ar luacháil lena léirítear cineál fírinneach eacnamaíochta na maoine sin (de thoradh charachtar áirithe na maoine sin) gan déileáil leo ar an modh sin.

(4) I gcás go ndéanfaidh an t-oifigeach maoine iomchuí nó, de réir mar a bheidh, codanna de mhaoine iomchuí a luacháil nó a chur faoi deara iad a luacháil ar an modh dá dtagraítear i bhfo-alt (2) nó (3), déileálfar leis na maoine iomchuí nó na codanna mar mhaoine iomchuí aonair nó, de réir mar a bheidh, mar mhaoine iomchuí ar leithligh chun críocha uile eile an Achta seo.

(5) I bhfo-ailt (2) go (4), ciallaíonn ‘oifigeach’ bainisteoir luachála nó bainisteoir athbhreithnithe.”.

**Leasú ar alt 19 den Phríomh-Acht**

7. Leasaítear alt 19 den Phríomh-Acht—

(a) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-ailt (1) agus (2):

“(1) Féadfaidh an Coimisinéir, tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus leis an údarás rátúcháin lena mbaineann, ordú a dhéanamh (dá ngairtear ‘ordú luachála’ san Acht seo) ina sonrú limistéar údaráis rátúcháin mar limistéar ar i ndáil leis a bheartaíonn an Coimisinéir duine a cheapadh faoi fho-alt (2) chun a eagrú agus a áirithiú go seolfar luacháil ar mhaoine iomchuí atá suite sa limistéar sin (seachas aon mhaoine a shonraítear i mír (a) nó (b) den fho-alt sin).

(1A) Féadfar a shonrú in ordú luachála go seolfar an luacháil ar limistéar údaráis rátúcháin, nó ar chuid de, de réir rialacháin arna ndéanamh faoi alt 26B.



(2) Déanfaidh an Coimisinéir, a luaithe is féidir tar éis ordú luachála a dhéanamh, duine a cheapadh chun a eagrú agus a áirithiú go seolfar luacháil ar gach maoin iomchuí ar an liosta luachála nó ar an liosta luachála láithreach atá suite sa limistéar údaráis rátúcháin a bheidh sonraithe san ordú agus ar aon mhaoín iomchuí arna taifeadadh ar an liosta sin idir tráth déanta an ordaithe luachála agus tráth foilsithe an liosta, seachas—

(a) aon mhaoín iomchuí is ábhar d’ordú faoi alt 53, nó

(b) aon mhaoín iomchuí a shonraítear i Sceideal 4.”,

agus

(b) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3) agus (4):

“(3) Gairtear ‘bainisteoir luachála’ san Acht seo den duine a cheapfar amhlaidh.

(4) Chun críocha fho-alt (2), déanfaidh bainisteoir luachála, de réir fho-alt (5), socrú—

(a) go ndéanfaidh aon oifigeach amháin nó níos mó don Choimisinéir (a bhféadfaidh an bainisteoir luachála sin a bheith ar dhuine acu) luacháil a sheoladh ar gach maoin lena mbaineann, agus

(b) go ndéanfar liosta luachála a tharraingt suas agus a thiomsú le haghaidh an limistéir údaráis rátúcháin lena mbaineann.

(5) Déanfar an liosta luachála dá dtagraítear san alt seo a tharraingt suas agus a thiomsú faoi threoir sonraí iomchuí margaidh agus sonraí iomchuí eile a bheidh ar fáil an dáta a eiseofar na deimhnithe luachála lena mbaineann nó roimhe sin, agus déanfar an dá ní seo a leanas a ghlacadh ann (a mhéid is indéanta le réasún)—

(a) cirte luacha, agus

(b) luach cothromasach agus aonghnéitheach idir maoine ar an liosta luachála sin,

agus ionas go mbeidh (maidir leis na nithe dá dtagraítear i mír (b)) luach gach maoine ar an liosta luachála sin i gcoibhneas le luach maoine eile atá inchomórtais leis an maoin sin ar an liosta luachála sin sa limistéar údaráis rátúcháin lena mbaineann nó, mura bhfuil aon mhaoine inchomórtais den sórt sin ann, i gcoibhneas le luach maoine eile ar an liosta luachála sin sa limistéar údaráis rátúcháin sin.

(6) I gcás nach oifigeach don Choimisinéir an duine a bheartaítear faoi fho-alt (1), féadfaidh an Coimisinéir, le toiliú an Aire, socrú a dhéanamh (fara cibé coinníollacha a chomhaontófar idir na páirtithe) leis an duine sin (lena bhféadfaidh daoine eile cuidiú) chun an fheidhm sin a chomhlíonadh.

(7) I gcás go bhfuil feidhm ag fo-alt (5) agus go measfaidh an Coimisinéir gur cuí é, féadfaidh oifigeach don Choimisinéir cuidiú leis an mbainisteoir luachála.”.

**Leasú ar alt 21 den Phríomh-Acht****8. Leasaítear alt 21 den Phríomh-Acht—**

(a) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

“(1) Sonrófar in ordú luachála—

(a) dáta (dá ngairtear an ‘dáta foilsithe’ san Acht seo) ar a mbeartaíonn an Coimisinéir a chur faoi deara liosta a fhoilsiú faoi alt 23 ina mbeidh gach maoin iomchuí a bhí ina hábhar don luacháil a luaitear san ordú, agus luach na maoin sin arna chinneadh leis an luacháil sin, agus

(b) dáta (dá ngairtear an ‘dáta éifeachtach’ san Acht seo) ar a dtiocfaidh an liosta sin in éifeacht chun críoche rátaí.”,

(b) i bhfo-alt (3), trí “an dáta foilsithe” a chur in ionad “an dáta”, agus

(c) i bhfo-alt (4), trí “nó trí dháta éifeachtach eile a chur in ionad an dáta éifeachtaigh a bheidh sonraithe ann” a chur isteach i ndiaidh “an dáta fhoilsithe a bheidh sonraithe ann”.

**Leasú ar alt 23 den Phríomh-Acht**

**9. Leasaítear alt 23 den Phríomh-Acht i bhfo-alt (3) trí “Ar an dáta éifeachtach” a chur in ionad “Ar é a fhoilsiú amhlaidh”.**

**Leasú ar alt 24 den Phríomh-Acht**

**10. Leasaítear alt 24 den Phríomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):**

“(3) Gan dochar d’fho-alt (1), féadfaidh an bainisteoir luachála, tráth ar bith roimh an dáta foilsithe, deimhniú luachála a leasú d’fhonn aon earráid (lena n-áirítear aon earráid leictreonach) ann a cheartú.”.

**Leasú ar alt 26 den Phríomh-Acht**

**11. Leasaítear alt 26 den Phríomh-Acht—**

(a) i bhfo-alt (1), trí “3 mhí ar a laghad” a scriosadh,

(b) i bhfo-alt (2), trí “laistigh de 40 lá ón dáta a eiseofar an fógra chuige nó chuici, má tá sé nó sí míshásta leis an luach a bheartaítear a lua, nó le haon phonc ábhartha eile a bheidh luaite,” a chur in ionad “laistigh de 28 lá ón dáta a eiseofar an fógra chuige nó chuici, má tá sé nó sí míshásta le haon phonc ábhartha a bheidh luaite”, agus

(c) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3):

“(3) Gan dochar d’fho-alt (4) go (6), féadfaidh an bainisteoir luachála dá dtagraítear i bhfo-alt (1)—

- (a) tar éis breithniú a dhéanamh, nó a chur faoi deara breithniú a dhéanamh, ar aon uiríll a bheidh déanta chuige nó chuici ag áititheoir faoi fho-alt (2) agus dá réir, nó
- (b) d'éagmais aon uiríll den sórt sin, dá dheoin féin nó dá deoin féin,
- má mheasann sé nó sí gur cuí déanamh amhlaidh, a chur faoi deara go ndéanfar téarmaí an deimhnithe luachála dá dtagraítear i bhfo-alt (1) a leasú.
- (4) D'ainneoin aon ní sna fo-ailt roimhe seo agus, go háirithe d'ainneoin gur feidhmíodh na cumhachtaí (más amhlaidh atá an cás) faoi fho-alt (3) i ndáil leis an deimhniú dá dtagraítear i bhfo-alt (1), féadfaidh an bainisteoir luachála dá dtagraítear i bhfo-alt (1) i gcás gur gá nó gur fóirsteanach déanamh amhlaidh ina thuairim nó ina tuairim a chur faoi deara go ndéanfar deimhniú beartaithe nua a chur in ionad an deimhnithe sin.
- (5) Gan dochar d'fho-alt (4)—
- (a) i gcás maoin aonair, is ábhar do dheimhniú dá dtagraítear i bhfo-alt (1), agus a fhoroinnfear ina 2 mhaoin nó níos mó dá éis sin, nó
- (b) i gcás 2 mhaoin nó níos mó, arb ábhar do dheimhniú den sórt sin gach ceann acu, agus a chónascfar dá éis sin,
- féadfaidh an bainisteoir luachála dá dtagraítear i bhfo-alt (1) a chur faoi deara go ndéanfar iad seo a leanas a chur in ionad an deimhnithe sin roimhe seo nó, de réir mar a bheidh, gach deimhnithe roimhe seo, de réir mar a bheidh—
- (i) 2 dheimhniú nua bheartaithe, nó níos ná 2 dheimhniú nua bheartaithe, nó
- (ii) deimhniú beartaithe nua aonair.
- (6) I gcás go bhfeidhmeofar an chumhacht faoi fho-alt (4) nó (5), ansin ceadóidh an bainisteoir luachála d'áititheoir na maoine lena mbaineann (nó, i gcás foroinnte, d'áititheoir gach maoine lena mbaineann) uiríll a dhéanamh, go feadh an mhéid chéanna agus a luaitear i bhfo-alt (2), chuig an mbainisteoir luachála i ndáil le téarmaí an deimhnithe nua bheartaithe nó na ndeimhnithe nua beartaithe; i gcás go ndéanfar uiríll den sórt sin beidh cumhacht de shamhail na cumhachta faoi fho-alt (3) ar fáil don bhainisteoir luachála, tar éis dó nó di breithniú a dhéanamh, nó a chur faoi deara breithniú a dhéanamh, ar na huiríll sin, chun a chur faoi deara go ndéanfar téarmaí an deimhnithe (nó, de réir mar a bheidh, téarmaí aon cheann de na deimhnithe) a leasú.
- (7) D'fhonn amhras a sheachaint, maidir le haon chumhacht a thugtar leis an alt seo chun a chur faoi deara go ndéanfar téarmaí aon deimhnithe amháin nó níos mó a leasú, nó aon deimhniú amháin nó níos mó a ionadú, baineann sí freisin le foráil a dhéanamh, de réir mar is cuí—
- (a) maidir le méadú ar luach na maoine iomchuí a bheidh sonraithe sa deimhniú lena mbaineann, nó

(b) maidir le luach a shonrú i leith na maoiní iomchuí sa deimhniú ionaid is airde ná an luach a sonraíodh ina leith sa deimhniú roimhe sin,

agus ina theannta sin baineann cumhacht den sórt sin le foráil a dhéanamh maidir le laghdú ar an luach sin nó luach níos ísle a shonrú sa deimhniú ionaid.

(8) Tar éis don bhainisteoir luachála na cumhachtaí faoin alt seo a fheidhmiú nó, de réir mar a bheidh, iad a fheidhmiú go críochnaitheach, i ndáil leis an maoiní iomchuí lena mbaineann, cuirfidh sé nó sí faoi deara an deimhniú luachála cuí faoi alt 24 a eisiúint chuig an áititheoir lena mbaineann.”.

### **Luacháil áititheoir-chuidithe**

**12.** Leasaítear an Príomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh Chuid 5:

#### “CUID 5A

#### LUACHÁIL ÁITITHEOIR-CHUIDITHE

#### **Míniú (Cuid 5A)**

**26A.** Sa Chuid seo, i ndáil le luacháil, ciallaíonn ‘cruinn’ luacháil lena ndéantar glanluach bliantúil na maoiní lena mbaineann a mheas i gceart.

#### **Féadfar foráil a dhéanamh le rialacháin maidir le luacháil áititheoir-chuidithe**

**26B.** (1) Féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh lena ndéanfar foráil go seolfaidh áititheoir gach maoiní lena mbaineann an luacháil, nó go ndéanfaidh sé nó sí beart amháin nó níos mó arb éard é nó iad luacháil den sórt sin, ar mhaoine iomchuí faoin Acht seo laistigh de limistéar údaráis rátúcháin amháin nó níos mó agus lena ndéanfar foráil maidir leis an nós imeachta a bheidh le leanúint chun na gcríoch sin.

(2) Gan dochar do ghinearáltacht fho-alt (1), féadfar foráil a dhéanamh le rialacháin faoin alt seo maidir le haon cheann nó gach ceann de na nithe seo a leanas:

(a) go n-eiseoidh an Coimisinéir treoirlínte chuig an áititheoir maidir le luachálacha a chur isteach (lena n-áirítear iad a chur isteach trí mheán leictreonach) agus maidir le nithe eile faoin gCuid seo;

(b) an fógra a bheidh le cur chuig an áititheoir maidir leis na ceanglais faoi na rialacháin sin;

(c) go gcuirfidh an t-áititheoir faoi bhráid an Choimisinéara cibé sonraí maidir leis an maoiní iomchuí is cuí leis an gCoimisinéir;

(d) go gcuirfidh an t-áititheoir faoi bhráid an Choimisinéara a luacháil i leith a mhaoine nó a maoiní;

- (e) an spriocam faoina gcuirfidh an t-áititheoir, nó a ghníomhaire nó a gníomhaire, an luacháil faoi bhráid an Choimisinéara, lena n-áirítear foráil maidir le faduithe leis an spriocam i gcásanna gur trí mheán leictreonach a chuirfeadh an luacháil sin faoi bhráid an Choimisinéara;
  - (f) na taifid a cheanglófar ar an áititheoir a choimeád faoin mbonn ar ar cuireadh an luacháil isteach;
  - (g) an fad ama a gceanglófar ar an áititheoir, lena linn, taifid a choimeád faoin mbonn ar ar cuireadh an luacháil isteach;
  - (h) na foirmeacha a bheidh le húsáid ag an áititheoir chun a luacháil a chur isteach;
  - (i) aicmí maoin a shonrú a bheidh, nó nach mbeidh, ina n-ábhar do luacháil faoi na rialacháin;
  - (j) limistéir gheografacha a shonrú a bheidh laistigh den limistéar údaráis rátúcháin a bheidh, nó nach mbeidh, ina n-ábhar do luacháil faoi na rialacháin.
- (3) Féadfaidh rialacháin arna ndéanamh faoin alt seo—
- (a) a bheith de chineál ginearálta agus feidhm a bheith acu maidir leis na horduithe luachála go léir a mbeidh feidhm ag alt 19(1A) maidir leo,
  - (b) baint a bheith acu go sonrach le hordú luachála áirithe, nó
  - (c) baint a bheith acu go sonrach le comhphárteanna áirithe de luacháil ar leith nó le roinnt áirithe de na bearta arb éard iad luacháil ar leith.

### **Feidhm a bheith ag an Acht**

**26C.** I gcás go mbeidh feidhm ag alt 19(1A) agus go mbeidh rialacháin déanta faoi alt 26B—

- (a) beidh feidhm ag an gCuid seo, agus
  - (b) beidh feidhm ag na Codanna eile den Acht seo fara aon mhodhnuithe is gá,
- agus, dá réir, féadfar maoin lena mbaineann an Chuid seo a áireamh i liosta luachála a fhoilseofar faoi alt 23.

### **Feidhmeanna oifigigh don Choimisinéir faoi luacháil áititheoir-chuidithe**

**26D.** (1) I gcás go bhfuil luacháil tosaigh curtha isteach ag áititheoir, féadfaidh oifigeach don Choimisinéir, aon tráth roimh an dáta foilsithe—

- (a) gan dochar d'aon chumhachtaí eile (lena n-áirítear na cumhachtaí faoi Chuid 10) lena gcumasaítear don oifigeach amhlaidh chuige sin, cibé fiosrúcháin a dhéanamh nó a cheangal go ndéanfar cibé faisnéis nó taifid a thabhairt ar aird de réir mar a éileoidh sé nó sí chun a dheimhniú dó féin nó di féin go raibh an luacháil tosaigh a cuireadh isteach cruinn, agus

(b) a luacháil féin a ionadú, deimhniú luachála a eisiúint sa chéill sin agus an luacháil sin a thaifeadadh ar an liosta luachála, má tá sé nó sí den tuairim nach ndearnadh an luacháil tosaigh de réir an Achta seo agus rialacháin arna ndéanamh faoi.

(2) Más rud é, maidir le háititheoir maoine—

(a) go gcuireann sé nó sí luacháil isteach nach bhfuil, i dtuairim an oifigigh, cruinn, nó

(b) go mainníonn sé nó sí luacháil a chur isteach go cuí faoin spriocam a bheidh tugtha,

déanfaidh an t-oifigeach don Choimisinéir, an dáta foilsithe nó roimhe agus, de réir na nithe a leagtar amach in alt 19(5), an luacháil chuí a chinneadh i leith na maoine lena mbaineann, deimhniú luachála a eisiúint sa chéill sin agus an luacháil sin a thaifeadadh ar an liosta luachála.

### **Ceart áititheora uirill a dhéanamh faoi luacháil áititheoir-chuidithe**

**26E.** Gan dochar do ghinearáltacht alt 26C, i gcás go mbeidh feidhm ag alt 19(1A) agus go mbeidh rialacháin déanta faoi alt 26B, beidh feidhm ag forálacha alt 26 lena gcumasaítear don áititheoir maoine iomchuí uirill a dhéanamh agus lena gcumasaítear deimhniú luachála a leasú fara aon mhodhnuithe is gá.

### **Cion i gcás go mainníonn áititheoir luacháil a chur isteach**

**26F.** Maidir le háititheoir maoine iomchuí a bhfuil feidhm ag an gCuid seo maidir léi a mhainníonn luacháil a chur isteach faoin spriocam a bheidh tugtha le rialacháin faoi alt 26B(2), nó dá mbun, beidh sé nó sí ciontach i gcion.

### **I gcás duine do chur luacháil bhréagach isteach**

**26G.** Maidir le duine a chuireann luacháil isteach faoin gCuid seo atá bréagach agus a fhios aige nó aici í a bheith bréagach nó a bheith meargánta i dtaobh í a bheith bréagach, beidh sé nó sí ciontach i gcion.”.

### **Bainisteoir athbhreithnithe d’athbhreithniú liostaí luachála**

**13.** Leasaítear an Príomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur in ionad alt 28:

“**28.** (1) San alt seo, ciallaíonn ‘maoin lena mbaineann’ maoin ar i ndáil léi a bheidh duine, de bhua é nó í a bheith ceaptha faoin alt seo, i dteideal na cumhachtaí a thugtar leis an alt seo a fheidhmiú.

(2) (a) Féadfaidh an Coimisinéir dá dheoin féin nó dá deoin féin oifigeach don Choimisinéir a cheapadh, i ndáil le cibé maoin amháin nó níos mó is cuí leis an gCoimisinéir, chun na cumhachtaí a fheidhmiú is cumhachtaí atá sainráite leis an alt seo a bheith infheidhmithe ag bainisteoir athbhreithnithe, agus gairtear ‘bainisteoir athbhreithnithe’ san Acht seo d’oifigeach den sórt sin a cheapfar amhlaidh.

- (b) Féadfaidh bainisteoir athbhreithnithe a cheapfar faoi mhír (a) nó faoi fho-alt (3) aon cheann dá fheidhmeanna nó dá feidhmeanna faoin alt seo a shannadh d'oifigeach eile don Choimisinéir.
- (3) Má dhéantar iarratas faoi alt 27 chuig an gCoimisinéir, ceapfaidh an Coimisinéir oifigeach don Choimisinéir, i ndáil leis an maoin nó na maoin lena mbaineann an t-iarratas, chun na cumhachtaí a fheidhmiú is cumhachtaí atá sainráite leis an alt seo a bheith infheidhmithe ag bainisteoir athbhreithnithe, agus gairtear 'bainisteoir athbhreithnithe' san Acht seo freisin do bhainisteoir den sórt sin a cheapfar amhlaidh.
- (4) Maidir le bainisteoir athbhreithnithe, má mheasann sé nó sí de bharr athrú ábhartha ar imthosca a tharla ón tráth is déanaí a seoladh luacháil faoi alt 19 i ndáil leis an limistéar údaráis rátúcháin ina bhfuil an mhaoin lena mbaineann suite nó, de réir mar a bheidh, ón tráth is déanaí roimhe sin a feidhmíodh (más ann gur feidhmíodh) na cumhachtaí faoin bhfo-alt seo, nó cumhachtaí inchomórtais faoi na hachtacháin aisghairthe, i ndáil leis an maoin gur chóir déanamh amhlaidh, féadfaidh sé nó sí i leith na maoin sin—
- (a) má tá an mhaoin sin ar an liosta luachála a bhaineann leis an limistéar sin, cibé gníomh díobh seo a leanas is cuí a dhéanamh—
- (i) luacháil na maoin sin mar atá sí ar an liosta a leasú,
- (ii) an mhaoin sin a eisiamh ón liosta ar an bhforas nach maoin iomchuí í an mhaoin a thuilleadh, nach ann don mhaoin a thuilleadh nó go dtagann an mhaoin faoi réim Sceideal 4,
- (iii) aon phonc ábhartha eile i ndáil leis an maoin sin mar atá sé ar an liosta a leasú,
- (b) mura bhfuil an mhaoin sin ar an liosta luachála sin agus más maoin iomchuí í (seachas maoin iomchuí a thagann faoi réim Sceideal 4 nó lena mbaineann ordú faoi alt 53), an dá ní seo a leanas a dhéanamh—
- (i) luacháil ar an maoin sin a sheoladh, agus
- (ii) an mhaoin sin a áireamh ar an liosta mar aon lena luach arna chinneadh ar scór na luachála sin.
- (5) Déanfaidh bainisteoir athbhreithnithe, más maoin í an mhaoin lena mbaineann a bhí ina hábhar d'iarratas faoi alt 27, laistigh de 6 mhí ó dháta a cheaptha nó a ceaptha faoi fho-alt (3), i leith an iarratais sin—
- (a) breith a thabhairt i dtaobh an ann do na himthosca dá dtagraítear i bhfo-alt (4) chun go bhfeidhmeoidh sé nó sí na cumhachtaí faoin bhfo-alt sin i ndáil leis an maoin sin,
- (b) má thugann sé nó sí breith gurb ann do na himthosca sin, na cumhachtaí sin a fheidhmiú i ndáil leis an maoin sin dá réir sin.
- (6) Má fheidhmíonn bainisteoir athbhreithnithe, i ndáil leis an maoin lena mbaineann, aon cheann de na cumhachtaí faoi fhomhír (i) nó (iii) de mhír

- (a) d'fho-alt (4) nó mír (b) den fho-alt sin, eiseoidh sé nó sí, chuig áititheoir na maoin sin agus chuig an údarás rátúcháin ar ina limistéar atá an mhaoín suite, deimhniú luachála nua nó, de réir mar a bheidh, deimhniú luachála i ndáil leis an maoin.
- (7) Má fheidhmíonn bainisteoir athbhreithnithe, i ndáil leis an maoin lena mbaineann, na cumhachtaí faoi fho-alt (4)(a)(ii), eiseoidh sé nó sí, chuig áititheoir na maoin sin agus chuig an údarás rátúcháin ar ina limistéar atá an mhaoín suite, fógra ina léireofar an modh ar ar feidhmíodh na cumhachtaí sin i ndáil leis an maoin sin.
- (8) Eiseofar deimhniú faoi fho-alt (6) nó fógra faoi fho-alt (7) tráth nach déanaí ná 7 lá sula ndéanfar an leasú iomchuí ar an liosta luachála faoi fho-alt (10).
- (9) Má thugann bainisteoir athbhreithnithe breith nach ann do na himthosca dá dtagraítear i bhfo-alt (4) chun na cumhachtaí faoin bhfo-alt sin i ndáil le maoin dá dtagraítear i bhfo-alt (5) a fheidhmiú, déanfaidh sé nó sí, láithreach tar éis an bhreith sin a thabhairt, fógra faoin mbreith a eisiúint chuig an áititheoir a rinne an t-iarratas faoi alt 27(1) i leith na maoin.
- (10) Déanfaidh an bainisteoir athbhreithnithe lena mbaineann an liosta luachála iomchuí a leasú ar an modh cuí chun a chur i gcuntas gur fheidhmigh sé nó sí na cumhachtaí faoi fho-alt (4) i ndáil le maoin.
- (11) Gan dochar do na forálacha sin roimhe seo den alt seo, féadfaidh an Coimisinéir, tráth ar bith, liosta luachála a leasú chun—
- (a) aon earráid chléireachais (lena n-áirítear earráid leictreonach) a bheidh ann a cheartú, nó
- (b) aon mhionsonra eile atá ar an liosta agus atá, i dtuairim an Choimisinéara, míchruinn (seachas luacháil aon mhaoine) a leasú.
- (12) Féadfaidh an Coimisinéir freisin, tráth ar bith, liosta luachála a leasú chun aon athrú ar theorainn arna dhéanamh faoi aon achtachán nó de bhua aon achtacháin a chur i gcuntas.
- (13) Má fheidhmíonn an Coimisinéir aon cheann de na cumhachtaí faoi fho-alt (11) nó (12), déanfaidh sé nó sí, a luaithe is féidir tar éis na hócáide lena mbaineann ina ndearnadh iad a fheidhmiú, deimhniú luachála nua, i ndáil leis an maoin sin, a eisiúint chuig gach áititheoir ar mhaoín dá ndéanfaidh an feidhmiú sin difear agus chuig an údarás rátúcháin ar ina limistéar atá an mhaoín sin suite.
- (14) Beidh lánfheidhm ag leasú ar liosta luachála arna dhéanamh faoi fho-alt (10), (11) nó (12) chun go ndéanfaidh an t-údarás rátúcháin lena mbaineann ráta a ghearradh dá réir seo a leanas—
- (a) alt 29 den Acht Rialtais Áitiúil, 1946 (arna ionadú le halt 45 den Acht Rialtais Áitiúil, 1994), nó
- (b) alt 55 den Acht Iascaigh (Comhdhlúthú), 1959,



de réir mar is cuí, i ndáil leis an maoin lena mbaineann faoi threoir an liosta sin arna leasú amhlaidh.”.

**Foráil fhorlíontach i ndáil le *halt 13* – an tréimhse ama ar lena linn is gá breith a thabhairt ar athbhreithniú**

**14.** Amhail ar cibé lá agus ó cibé lá a cheapfaidh an tAire le hordú faoin alt seo, beidh éifeacht leis an leasú seo a leanas i ndáil leis an alt a cuireadh isteach sa Phríomh-Acht le *halt 13*, eadhon, cuirfear an fo-alt seo a leanas in ionad fho-alt (5) d’alt 28 arna chur isteach sa Phríomh-Acht leis an alt sin:

“(5) (a) Déanfaidh bainisteoir athbhreithnithe, más maoin í an mhaoin lena mbaineann a bhí ina hábhar d’iarratas faoi alt 27, roimh dheireadh na tréimhse iomchuí—

(i) breith a thabhairt i dtaobh an ann do na himthosca dá dtagraítear i bhfo-alt (4) chun go bhfeidhmeoidh sé nó sí na cumhachtaí faoin bhfo-alt sin i ndáil leis an maoin sin,

(ii) má thugann sé nó sí breith gurb ann do na himthosca sin, na cumhachtaí sin a fheidhmiú i ndáil leis an maoin sin dá réir sin.

(b) San fho-alt seo, ciallaíonn ‘tréimhse iomchuí’ an tréimhse 6 mhí ón dáta a chinn an Coimisinéir go raibh an t-iarratas iomchuí arna dhéanamh chuig an gCoimisinéir faoi alt 27 (is é sin le rá, an t-iarratas, faoin alt sin, ar ar a scór a ceapadh an bainisteoir athbhreithnithe dá dtagraítear i mír (a)) bailí agus gur íocadh an táille a fhorordaítear i leith an iarratais sin.”.

**Leasú ar alt 29 den Phríomh-Acht**

**15.** Leasaítear alt 29 den Phríomh-Acht—

(a) i bhfo-ailt (1) agus (3), trí “bainisteoir athbhreithnithe” a chur in ionad “oifigeach athbhreithnithe” gach áit a bhfuil sé, agus

(b) i bhfo-alt (2)—

(i) trí “40 lá” a chur in ionad “28 lá”, agus

(ii) trí “chuig an mbainisteoir athbhreithnithe” a chur in ionad “chuig an oifigeach” gach áit a bhfuil sé.

**I gcás go dtabharfaidh bainisteoir athbhreithnithe breith gan luacháil a athbhreithniú**

**16.** Leasaítear Cuid 6 den Phríomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 29:

“**29A.** (1) I gcás go dtabharfaidh bainisteoir athbhreithnithe breith—

(a) gan an luacháil ar mhaoin iomchuí a leasú faoi alt 28, nó

(b) gan aon phonc ábhartha eile i ndáil leis an maoin sin mar atá sé ar liosta luachála a leasú,

féadfaidh an Coimisinéir, go heisceachtúil agus ar choinníoll gurb é a thuairim nó a tuairim gur gá déanamh amhlaidh ar mhaithe le cothromas agus aonghnéitheacht luacha, nó i gcás a thagann faoi réim mhír (b), ar mhaithe leis an liosta luachála a chothabháil chun go mbeidh sé chomh cruinn is indéanta, a ordú don bhainisteoir athbhreithnithe, de réir mar is cuí, leasú a dhéanamh orthu seo a leanas—

- (i) luacháil na maoinne iomchuí sin, nó
  - (ii) an ponc ábhartha atá, i dtuairim an Choimisinéara, míchruinn, agus deimhniú luachála nua a eisiúint nó a chur faoi deara deimhniú luachála nua a eisiúint i ndáil leis an maoin lena mbaineann.
- (2) D’fhonn déanamh de réir ordachán faoi fho-alt (1)(i), cinnfidh an bainisteoir athbhreithnithe an luacháil de réir alt 49 amhail is dá mba rud é go raibh an luacháil á cinneadh chun críche alt 28(4). Tar éis an chinnidh sin, déanfaidh an bainisteoir athbhreithnithe, nó cuirfidh sé nó sí faoi deara, na nithe seo a leanas a eisiúint i ndáil leis an maoin lena mbaineann—
- (a) de réir alt 29, cóip den deimhniú luachála nua a bheartaítear a eisiúint faoi fho-alt (6) d’alt 28, agus
  - (b) de réir an fho-alt sin (6), an deimhniú luachála nua (sna téarmaí mar a beartaíodh i dtosach iad faoi alt 29 nó, de réir mar a bheidh, mar a leasaíodh iad faoi fho-alt (3) den alt sin).”.

### **Ailt 30 go 33 den Phríomh-Acht a aisghairm**

**17.** Aisghairtear ailt 30 go 33 den Phríomh-Acht.

### **Achomhairc chun an Bhinse**

**18.** Leasaítear an Príomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur in ionad alt 34:

- “**34.** (1) I ndáil le maoin, féadfaidh duine sonraithe achomharc i scríbhinn a dhéanamh chun an Bhinse i gcoinne na nithe seo a leanas—
- (a) cinneadh faoi alt 19 nó 28 ar an luach,
  - (b) aon mhionsonra eile a luaitear sa liosta luachála iomchuí,
  - (c) aon bhreith faoin Acht seo chun an mhaoin a áireamh nó gan í a áireamh sa liosta luachála iomchuí nó chun an mhaoin a eisiamh ón liosta sin,
  - (d) aon bhreith ón mbainisteoir athbhreithnithe faoi alt 28(4)(a) nó (b),
  - (e) i gcás breith ón mbainisteoir athbhreithnithe lena mbaineann chun an mhaoin a eisiamh amhlaidh, aon mhionsonra a luaitear san fhógra lena mbaineann arna eisiúint faoi alt 28(7), nó
  - (f) aon bhreith ón mbainisteoir athbhreithnithe lena mbaineann á rá nach ann do na himthosca dá dtagraítear in alt 28(4) chun na cumhachtaí a fheidhmiú faoin alt sin i ndáil leis an maoin.

- (2) Déanfar achomharc faoi fho-alt (1) laistigh de 28 lá ón dáta iomchuí.
- (3) Maidir le duine a mhainníonn faisnéis, a bheidh sonraithe i bhfógra arna sheirbheáil faoi alt 45(1), a sholáthar sula n-eiseofar na nithe seo a leanas—
- (a) an deimhniú luachála de bhun alt 24 nó 28,
  - (b) deimhniú luachála uileghabhálaí, nó
  - (c) fógra faoi alt 28,
- ní cheadófar dó nó di achomharc a fhorasú, nó tacú le hachomharc, chun an Bhinse faoi threoir faisnéis ar mhainnigh an duine í a sholáthar amhlaidh.
- (4) San alt seo—
- ciallaíonn ‘dáta iomchuí’, de réir mar is cuí—
- (a) an dáta a chuirfear faoi deara an liosta luachála iomchuí a fhoilsiú faoi alt 23,
  - (b) an dáta a dhéanfar, faoi alt 28(6), deimhniú luachála i ndáil leis an maoin a eisiúint, nó
  - (c) an dáta a dhéanfar, faoi alt 28(7) nó (9), fógra i ndáil leis an maoin a eisiúint;
- ciallaíonn ‘duine sonraithe’—
- (a) áititheoir maoin, i leith na maoin sin,
  - (b) áititheoir maoin iomchuí, i leith aon mhaoín eile, atá suite sa limistéar údaráis rátúcháin céanna ina bhfuil an mhaoín iomchuí sin suite,
  - (c) údarás rátúcháin, i leith aon mhaoín atá suite ina limistéar, agus
  - (d) duine, i leith aon mhaoín gur sealbhóir leasa é nó í i ndáil léi.”.

### Leasú ar alt 35 den Phríomh-Acht

#### 19. Leasaítear alt 35 den Phríomh-Acht—

- (a) i mír (a), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fhomhíreanna (i) agus (ii):

“(i) na forais ar a measann an t-achomharcóir luach na maoin is ábhar don achomharc (dá ngairtear ‘an mhaoín lena mbaineann’ san alt seo), arb é an luach é arna chinneadh ag an mbainisteoir luachála nó ag an mbainisteoir athbhreithnithe, nach cinneadh é ar a luach atá ag teacht lena gceanglaítear a ghlacadh le halt 19(5) nó, i gcás achomharc i gcoinne luacháil arna déanamh faoi alt 28, lena gceanglaítear a ghlacadh le halt 49, agus

(ii) de réir na nithe a leagtar amach in alt 19(5) nó 49, de réir mar is cuí, an luach a mheasann an t-achomharcóir ba chóir a chinneadh mar luach na maoin,”

(b) i mír (b), trí “arna eisiúint faoi alt 33(2) nó san fhógra lena mbaineann arna dhéanamh faoin alt sin” a scriosadh, agus

(c) i mír (c), trí “ag an gCoimisinéir faoi alt 33(2),” a scriosadh.

### Leasú ar alt 37 den Príomh-Acht

20. Leasaítear an Príomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur in ionad alt 37:

“37. (1) Déanfaidh an Binse achomharc arna dhéanamh chuige faoi alt 34 a bhreithniú; le linn breithniú a dhéanamh ar an achomharc, mura mbaineann na saincheisteanna san achomharc leis an luach maoine, glacfaidh an Binse cinneadh ar luach na maoine lena mbaineann a bheidh ag teacht leo seo a leanas—

(a) an luach a cheanglaítear a ghlacadh le halt 19(5), nó

(b) i gcás achomharc i gcoinne luacháil arna déanamh faoi alt 28, an luach a cheanglaítear a ghlacadh le halt 49.

(2) Tar éis dó an t-achomharc a bhreithniú, féadfaidh an Binse, de réir mar is cuí leis—

(a) an t-achomharc a dhícheadú agus, dá réir sin, breith an Choimisinéara, an bhainisteora luachála nó an bhainisteora athbhreithnithe, de réir mar is cuí, a dhaingniú, nó

(b) an t-achomharc a cheadú agus, dá réir sin, cibé gníomh díobh seo a leanas is cuí a dhéanamh—

(i) breith a thabhairt gurbh ann do na himthosca dá dtagraítear in alt 28(4) chun na cumhachtaí a fheidhmiú faoin alt sin,

(ii) de réir na nithe a leagtar amach in alt 19(5) nó 49, de réir mar is cuí, an luacháil mar a luaitear sa deimhniú luachála a mhéadú nó a laghdú,

(iii) breith a thabhairt gur cóir an mhaoin a áireamh sa liosta luachála iomchuí, agus an luacháil a chinneadh de réir na nithe a leagtar amach in alt 49,

(iv) breith a thabhairt gur cóir an mhaoin a eisiamh ón liosta luachála iomchuí,

(v) breith a thabhairt go ndéanfar maoine iomchuí, is ábhar do 2 achomharc nó níos mó, a chónascadh agus luacháil na maoine cónasctha a chinneadh, de réir na nithe a leagtar amach in alt 49,

(vi) breith a thabhairt gur cóir an mhaoin a fhoroinnt i 2 mhaoin iomchuí nó níos mó, agus luacháil gach maoine foroinnte den sórt sin a chinneadh de réir na nithe a leagtar amach in alt 49,

(vii) aon mhionsonra, seachas an luacháil, mar a luaitear sa deimhniú luachála, a leasú,

- (viii) aon mhionsonra a luaitear san fhógra arna dhéanamh faoi alt 28(7) a leasú.
- (3) Féachfaidh an Binse le breith a thabhairt ar achomharc arna dhéanamh chuige faoi alt 34 laistigh de 6 mhí ón dáta a bheidh an t-achomharc faighte aige.
- (4) D’fhonn amhras a sheachaint, ní chuirfear, le fo-alt (1)(a) nó (2)(b)(ii) (a mhéid a bhaineann sé le halt 19(5)) ná le halt 19(5), de cheangal ar an mBinse an cinneadh a ghlacadh ar an luach maoin lena mbaineann faoi threoir aon mhodha áirithe luachála agus féadfaidh an Binse teacht ar a chinneadh faoi threoir cibé modh luachála nó teaghlaim modhanna luachála a mheasfaidh an Binse, dá rogha féin, is cuí.”

### Leasú ar alt 38 den Phríomh-Acht

21. Leasaítear alt 38(b) den Phríomh-Acht, i bhfomhír (i), tríd an méid seo a leanas a chur isteach tar éis “suite”:

“agus, i gcás nach é nó í an t-achomharcóir an t-áititheoir nó an t-údarás rátúcháin, chuig an achomharcóir sin”.

agus, i bhfomhír (ii), tríd an méid seo a leanas a chur isteach tar éis “suite”:

“agus, i gcás nach é nó í an t-achomharcóir an t-áititheoir nó an t-údarás rátúcháin, don achomharcóir sin”.

### Alt 40 den Phríomh-Acht a aisghairm

22. Aisghairtear alt 40 den Phríomh-Acht.

### Leasú ar alt 43 den Phríomh-Acht

23. Leasaítear alt 43(4) den Phríomh-Acht trí “nó alt 15(3)” a scriosadh.

### Leasú ar alt 45 den Phríomh-Acht

24. Leasaítear alt 45 den Phríomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

“(1) Féadfaidh oifigeach don Choimisinéir, nó duine a bheidh ag gníomhú thar ceann an duine sin, fógra a sheirbheáil ar aon duine díobh seo a leanas—

- (a) áititheoir aon mhaoine (cibé acu is maoin iomchuí í nó nach ea),
- (b) sealbhóir leasa, nó
- (c) cibé duine eile ag a bhfuil, i dtuairim an oifigigh sin nó an duine sin a bheidh ag gníomhú amhlaidh mar a dúradh, faisnéis i ndáil leis an maoin sin,

á cheangal air nó uirthi, laistigh de thréimhse a bheidh sonraithe san fhógra (is tréimhse nach lú ná 28 lá dar tosach an dáta a sheirbheálfar an fógra), agus ar mhodh a bheidh sonraithe san fhógra, cibé faisnéis a bheidh sonraithe san fhógra a sholáthar don duine a sheirbheáil é, ar faisnéis í is

gá, i dtuairim an duine sin, chun go gcomhlíonfaidh an t-oifigeach roimhe sin, nó oifigeach eile, don Choimisinéir a fheidhmeanna nó a feidhmeanna faoin Acht seo.”.

#### **Leasú ar alt 46 den Phríomh-Acht**

**25.** Leasaítear alt 46 den Phríomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3):

“(3) Maidir le haon duine díobh seo a leanas—

- (a) áititheoir maoiníomchuí a thiocfaidh chun bheith ann tar éis an dáta ar a ndéanfar ordú luachála i ndáil leis an limistéar údaráis rátúcháin ina bhfuil an mhaoin suite,
- (b) áititheoir maoiníomchuí nár mhaoiníomchuí í an dáta ar a ndearnadh ordú den sórt sin i ndáil leis an limistéar údaráis rátúcháin ina bhfuil an mhaoin suite, nó
- (c) áititheoir maoiníomchuí, ar é nó í do theacht ar áitiú na maoiní sin den chéad uair nó ar chomhaontú tionóntachta nua a dhéanamh i leith na maoiní sin,

(nach maoiní í dá dtagraítear i mír (a) nó (b) d’alt 19(2)), déanfaidh sé nó sí, laistigh de 28 lá ón dáta ar a dtiocfaidh an mhaoin chun bheith ann, ar a dtiocfaidh sí chun bheith ina maoiníomchuí nó ar a dtiocfar ar í a áitiú nó ar a ndéanfar comhaontú tionóntachta nua ina leith, de réir mar a bheidh, na sonraí sonraithe i leith na maoiní sin a sholáthar i scríbhinn don Choimisinéir.”.

#### **Leasú ar alt 47 den Phríomh-Acht**

**26.** Leasaítear alt 47 den Phríomh-Acht—

- (a) i bhfo-alt (1), trí “duine” a chur in ionad “oifigeach don Choimisinéir”,
- (b) i bhfo-alt (2), trí “duine” a chur in ionad “oifigeach don Choimisinéir”, agus
- (c) i bhfo-alt (3), trí “ar dhuine” a chur in ionad “ar oifigeach don Choimisinéir”.

#### **Leasú ar alt 48 den Phríomh-Acht**

**27.** Leasaítear alt 48(3) den Phríomh-Acht trí “agus muirir eile (más ann) is iníoctha le haon achtachán nó faoi aon achtachán” a scriosadh.

#### **Leasú ar alt 50 den Phríomh-Acht**

**28.** Leasaítear alt 50 den Phríomh-Acht trí “(1)” a chur isteach roimh “Más”, trí “méid, faoi réir fho-alt (2), atá” a chur in ionad “méid atá” i bhfo-alt (1) agus tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

“(2) Déanfar coigeartú ionas go ndéanfar an méid ar thánghas ar de réir an mhodha sin agus a bheidh mar ghlanluach bliantúil na maoiní (a mhéid is indéanta le réasún agus de réir alt 19(5) nó 49, de réir mar is cuí) a

chinneadh faoi threoir luachanna maoin eile, atá inchomórtais leis an maoin sin, mar a bheidh siad ar an liosta luachála.”.

### Leasú ar alt 53 den Phríomh-Acht

#### 29. Leasaítear alt 53 den Phríomh-Acht—

(a) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (6):

“(6A) I gcás go seolfar luacháil uileghabhálach bhreise i ndáil le gnóthas fóntais phoiblí de réir fho-alt (6), déanfar aon luach i ndáil le haon mhaoin ar chuid den luacháil uileghabhálach roimhe sin ar an ngnóthas fóntais phoiblí sin í (arbh éard é a luach díreach sular áiríodh sa luacháil uileghabhálach é) ach nach cuid den luacháil uileghabhálach bhreise í, a thairfeadh sa liosta luachála an dáta céanna a dhéanfar an luacháil uileghabhálach bhreise a thairfeadh sa liosta luachála lárnaí faoi alt 55.”,

(b) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (7):

“(7A) Tar éis luacháil uileghabhálach a sheoladh i ndáil le gnóthas fóntais phoiblí agus sula seolfar luacháil uileghabhálach bhreise de réir fho-alt (6), ní bheidh aon mhaoin nó aon mhaoine a bheidh sa luacháil uileghabhálach sin, ach amháin mar a fhoráiltear i bhfo-alt (7B), ina hábhar nó ina n-ábhar do luacháil faoi Chuid 5 nó d’athbhreithniú faoi Chuid 6.

(7B) D’ainneoin fho-alt (7A), tar éis luacháil uileghabhálach a chinneadh i ndáil le gnóthas fóntais phoiblí agus sula seolfar luacháil uileghabhálach bhreise de réir fho-alt (6), féadfaidh aon mhaoin atá sa liosta luachála uileghabhálaí sin agus a dhéanfar a dhiúscairt nó, i dtuairim an Choimisinéara, nach bhfuil á háitiú a thuilleadh ag an ngnóthas fóntais phoiblí sin chun na gcríoch a leagtar amach i bhfo-alt (5), a bheith ina hábhar do luacháil faoi Chuid 5 nó d’athbhreithniú faoi Chuid 6, mura mbeidh sí á háitiú dá éis sin ag gnóthas fóntais phoiblí eile a bhí ina ábhar do luacháil uileghabhálach faoin alt seo agus, i dtuairim an Choimisinéara, á húsáid chun na gcríoch a leagtar amach i bhfo-alt (5).

(7C) Más rud é, maidir le gnóthas fóntais phoiblí a bhí ina ábhar do luacháil uileghabhálach—

(a) go bhfaigheann sé maoin iomchuí tar éis don luacháil uileghabhálach sin a bheith seolta, agus

(b) go bhfuil an mhaoin iomchuí sin, i dtuairim an Choimisinéara, á húsáid chun na gcríoch a leagtar amach i bhfo-alt (5),

ní bheidh an mhaoin iomchuí sin ina hábhar do luacháil faoi Chuid 5 nó d’athbhreithniú faoi Chuid 6 go dtí go gcomhlíonfaidh sí na critéir a leagtar amach i bhfo-alt (7B).”,

agus

(c) i bhfo-alt (9), trí “4 mhí” a chur in ionad “2 mhí”.

**Leasú ar alt 55 den Phríomh-Acht**

**30.** Leasaítear alt 55(1) den Phríomh-Acht trí “ag a oifig nó ag a hoifig nó ar shlí eile” a chur in ionad “ag a oifig nó ag a hoifig”.

**Leasú ar alt 56 den Phríomh-Acht**

**31.** Leasaítear alt 56 den Phríomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

“(1) San alt seo—

ciallaíonn ‘bliain chuí’ an bhliain airgeadais díreach tar éis an dáta éifeachtaigh i ndáil leis an liosta luachála a bheidh foilsithe, de thuras na huair, i leith limistéar an údaráis rátúcháin lena mbaineann;

ciallaíonn ‘treoir-uimhir praghsanna do thomhaltóirí’ an Treoir-Uimhir Praghsanna do Thomhaltóirí — Gach Ítim arna tiomsú ag an bPríomh-Oifig Staidrimh;

ciallaíonn ‘treoir-uimhir praghsanna do thomhaltóirí is iomchuí maidir leis an mbliain chuí’ an treoir-uimhir praghsanna do thomhaltóirí is déanaí a bheidh foilsithe ag an bPríomh-Oifig Staidrimh roimh an dáta éifeachtach a luaitear sa mhíniú ar ‘bliain chuí’ san fho-alt seo;

ciallaíonn ‘treoir-uimhir praghsanna do thomhaltóirí is iomchuí maidir leis an mbliain roimhe sin’ an treoir-uimhir praghsanna do thomhaltóirí a bheidh foilsithe go deireanach ag an bPríomh-Oifig Staidrimh roimh an lá a thiocfaidh 12 mhí roimh an lá ar a bhfoilseofar an treoir-uimhir praghsanna do thomhaltóirí dá dtagraítear sa mhíniú roimhe seo;

ciallaíonn ‘bliain roimhe sin’ an bhliain airgeadais díreach roimh an mbliain airgeadais a luaitear sa mhíniú ar ‘bliain chuí’ san fho-alt seo.”.

**Talamh Stáit**

**32.** Leasaítear an Príomh-Acht tríd an gCuid nua seo a leanas a chur isteach i ndiaidh Chuid 12:

“Cuid 12A

TALAMH STÁIT

**Talamh Stáit**

**56A.** An talamh Stáit go léir a bhí dílsithe don Aire Airgeadais, de bhua alt 5 den Acht Maoine Stáit, 1954, nó ar shlí eile, díreach roimh thosach feidhme *alt 32 den Acht Luachála (Leasú), 2015*, agus na cearta, na cumhachtaí agus na pribhléidí uile a bhaineann nó a ghabhann le talamh Stáit den sórt sin, beidh siad, gan aon tíolacadh ná sannadh, arna ndílsiú don Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i leith an eastáit nó an leasa uile sa chéanna a bhí, díreach roimh an tosach feidhme sin, dílsithe don Aire Airgeadais, ach sin faoi réir na



n-iontaobhas agus na gcothromas uile a dhéanann difear d'aon talamh Stáit den sórt sin agus atá fós ar marthain agus inchomhlíonta.

### **Imeachtaí dlíthiúla**

**56B.** I gcás go mbeidh aon imeachtaí dlí ar feitheamh agus ar páirtí iontu an tAire Airgeadais agus go mbeidh tagairt sna himeachtaí do thalamh a aistrítear le halt 56A, déanfar ainm an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, a mhéid atá tagairt den sórt sin iontu, a chur in ionad an Aire Airgeadais sna himeachtaí sin agus ní rachaidh na himeachtaí ar ceal mar gheall ar an gcur in ionad sin.

### **Cumhacht an Aire**

**56C.** Maidir le haon ní a bhí tosaithe ach nach bhfuil curtha i gcrích roimh thosach feidhme *alt 32 den Acht Luachála (Leasú), 2015*, ag an Aire Airgeadais nó faoi údarás an Aire Airgeadais, féadfaidh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, a mhéid a bhaineann sé le talamh a aistrítear le halt 56A, é a sheoladh agus a chur i gcrích.

### **Éifeacht a bheith le hIonstraimí**

**56D.** Gach ionstraim (lena n-áirítear aon léas nó ceadúnas) a bheidh deonaithe nó déanta i ndáil le talamh a aistrítear le halt 56A, leanfaidh sí, más rud é go raibh, agus a mhéid a bhí, an ionstraim sin i bhfeidhm díreach roimh thosach feidhme *alt 32 den Acht Luachála (Leasú), 2015*, d'éifeacht a bheith léi amhail is dá mba é nó í an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a dheonaigh nó a rinne í.

### **Bailíocht aistrithe**

**56E.** Ní dhéanfaidh aon ní sa Chuid seo difear do bhailíocht aon aistrithe a dhéanfar maidir le talamh Stáit nó maidir le cearta, cumhachtaí nó pribhléidí a bhaineann nó a ghabhann leis an gcéanna arna ndéanamh leis an Acht Airí agus Rúnaithe (Leasú), 2011, leis an Ordú Airgeadais (Riarachán Roinne agus Feidhmeanna Aire a Aistriú), 2011 (I.R. Uimh. 418 de 2011) nó leis an Ordú Airgeadais (Riarachán Roinne agus Feidhmeanna Aire a Aistriú) (Uimh. 2), 2011 (I.R. Uimh. 480 de 2011)."

### **Leasú ar alt 60 den Phríomh-Acht**

**33.** Leasaítear alt 60 den Phríomh-Acht—

- (a) i bhfo-alt (1), trí "ag duine" a chur in ionad "ag oifigeach don Choimisinéir", agus
- (b) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2):

"(2) Maidir le doiciméad a thabhairt ar aird do Bhinse nó do chúirt ar doiciméad é a airbheartaíonn gur cóip é de liosta luachála nó de chuid de liosta den sórt sin agus a airbheartaíonn go bhfuil deimhnithe ina leith gur cóip den sórt sin é ag oifigeach don Choimisinéir nó ag duine eile a bheidh údaraithe go cuí chun déanamh amhlaidh, beidh sé, gan cruthúnas

ar shíniú an oifigigh sin nó an duine eile sin go raibh sé nó sí údaraithe go cuí ag an gCoimisinéir chun an doiciméad a dheimhniú amhlaidh, ina fhianaise leordhóthanach, go dtí go gcruthófar a mhalairt, ar na nithe a bheidh luaite sa doiciméad.”.

#### **Leasú ar alt 62 den Phríomh-Acht**

##### **34. Leasaítear alt 62 den Phríomh-Acht—**

(a) i bhfo-alt (1)—

(i) trí “duine” a chur in ionad “oifigigh don Choimisinéir”,

(ii) trí “le bainisteoirí athbhreithnithe” a chur in ionad “le hoifigigh athbhreithnithe”, agus

(iii) trí “duine eile” a chur in ionad “oifigeach eile don Choimisinéir”,

(b) i bhfo-alt (2)—

(i) trí “duine” a chur in ionad “oifigeach don Choimisinéir”, agus

(ii) trí “ar dhuine eile” a chur in ionad “ar oifigeach eile den sórt sin”,

agus

(c) i bhfo-alt (3)—

(i) i mír (a)—

(I) trí “duine eile” a chur in ionad “oifigeach eile don Choimisinéir”, agus

(II) trí “don duine” a chur in ionad “don oifigeach don Choimisinéir”,

agus

(ii) i mír (b), trí “don duine” a chur in ionad “don oifigeach don Choimisinéir”.

#### **Leasú ar alt 63 den Phríomh-Acht**

##### **35. Leasaítear alt 63 den Phríomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3):**

“(4) Beidh feidhm ag fo-ailt (1) agus (2), fairis na modhnuithe is gá, maidir le liosta luachála láithreach mar atá feidhm acu maidir le liosta luachála.”.

#### **Pionóis**

##### **36. Leasaítear an Príomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur in ionad alt 65:**

“65. (1) Aon duine a bheidh ciontach i gcion faoin Acht seo (seachas faoi alt 26G nó faoi mhír 9 de Sceideal 2), dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d’aicme A a chur air nó uirthi.

- (2) Aon duine a bheidh ciontach i gcion faoi alt 26G nó faoi mhír 9 de Sceideal 2, dlífear, ar é nó í a chiontú go achomair, fíneáil d'aicme A nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí nó iad araon a chur air nó uirthi.
- (3) I gcás go gciontófar duine i gcion faoin Acht seo (seachas faoi alt 26G) agus go leanfaidh an duine den chion a shárú tar éis é nó í a chiontú, beidh an duine ciontach i gcion breise gach lá a leanfar den sárú agus dlífear, in aghaidh gach ciona den sórt sin, ar é nó í a chiontú go achomair, fíneáil nach mó ná €300 a chur air nó uirthi.”.

### **Leasú ar Chuid 13 den Phríomh-Acht**

**37.** Leasaítear Cuid 13 den Phríomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 67:

#### **“Toirmeasc ar nochtadh neamhúdairithe faisnéise faoi rún**

- 68.** (1) San alt seo, ciallaíonn ‘faisnéis faoi rún’ faisnéis a mbeidh sé sainráite ag an gCoimisinéir ina leith go bhfuil sí faoi rún, maidir le faisnéis áirithe nó maidir le faisnéis d'aicme nó de thuairisc áirithe.
- (2) Ach amháin sna himthosca a leagtar amach i bhfo-alt (3), ní nochtfaidh duine faisnéis faoi rún a gheofar le linn dó nó di aon fheidhm faoin Acht seo a chomhlíonadh.
- (3) Ní sháraíonn duine fo-alt (2) trí fhaisnéis faoi rún a nochtadh más rud é, maidir leis an nochtadh—
- (a) go bhfuil sé údaraithe ag an gCoimisinéir,
- (b) gur don Choimisinéir nó don Bhinse a dhéantar é,
- (c) go ndéanann an Coimisinéir é don Aire nó go ndéantar é don Aire thar ceann an Choimisinéara nó i gcomhlíonadh an Achta seo, nó
- (d) go gceadaítear ar shlí eile le dlí é a dhéanamh.

#### **Féadfaidh an Coimisinéir táillí a mhuirearú as cóipeanna de liostaí luachála, etc. a sholáthraítear**

- 69.** (1) Féadfaidh an Coimisinéir táillí a mhuirearú as cóipeanna de liostaí luachála, d'athbhreithnithe agus de dhoiciméid eile (lena n-áirítear léarscáileanna agus leabhair allamuigh) agus as sleachta as an gcéanna atá ina choimeád nó ina coimeád nó ar a mbeidh rochtain aige nó aici.
- (2) Féadfaidh an Coimisinéir, le toiliú an Aire, na táillí a bheidh le muirearú as cóipeanna nó sleachta a sholáthraítear a chinneadh.
- (3) Tabharfaidh an Coimisinéir cuntas ar na táillí a bhaileofar sa tuarascáil bhliantúil.

**Féadfaidh áititheoir gníomhaire a cheapadh**

70. Féadfaidh áititheoir gníomhaire a cheapadh chun deimhnithe, fógraí nó doiciméid eile a sheirbheáil faoi alt 66.

**Sonraí a chomhroinnt**

71. (1) D'ainneoin aon achtacháin nó riail dlí—

- (a) déanfaidh duine iomchuí, ar iarraidh ón gCoimisinéir, cibé faisnéis a sholáthar don Choimisinéir a bheidh i seilbh nó faoi rialú an duine iomchuí agus a theastóidh le réasún ón gCoimisinéir chun a chumasú don Choimisinéir a fheidhmeanna nó a feidhmeanna faoin Acht seo a chomhlíonadh, agus
- (b) déanfaidh an Coimisinéir cibé faisnéis a sholáthar d'údarás rátúcháin a bheidh i seilbh nó faoi rialú an Choimisinéara, de bhun an Achta seo, agus a theastóidh le réasún ón údarás rátúcháin sin chun a chumasú dó a fheidhmeanna a chomhlíonadh le haon achtachán nó faoi aon achtachán.

(2) San alt seo—

ciallaíonn ‘duine iomchuí’ aon cheann díobh seo a leanas:

- (a) údarás rátúcháin;
- (b) Coimisinéirí na nOibreacha Poiblí in Éirinn;
- (c) Cláraitheoir na gCuideachtaí;
- (d) an tÚdarás Clárúcháin Maoine;
- (e) an tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine;
- (f) na Coimisinéirí Ioncaim;
- (g) aon duine eile a bheidh forordaithe de thuras na huaire.”.

**Leasú ar Sceideal 2 a ghabhann leis an bPríomh-Acht**

38. Leasaítear Sceideal 2 a ghabhann leis an bPríomh-Acht—

(a) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad chláisail (b) go (e) de mhír 3(4):

“(b) comhalta amháin nó 3 chomhalta, de réir mar a chinnfidh cathaoirleach an Bhinse, a bheidh i rannán den Bhinse, arna roghnú, i gceachtar cás, aige nó aici;

(c) i gcás gur 3 chomhalta a bheidh i rannán den Bhinse—

(i) is é nó í cathaoirleach an Bhinse, nó leasathaoirleach air, duine amháin ar a laghad de na comhaltaí sin,

- (ii) is é nó í an cathaoirleach a bheidh ar rannán den sórt sin an duine arb é nó í cathaoirleach an Bhinse é nó í nó, mura comhalta den rannán cathaoirleach an Bhinse, an comhalta den rannán is leaschathaoirleach ar an mBinse;
- (d) sannfaidh cathaoirleach an Bhinse do rannán den Bhinse na hachomhairc a bheidh le cinneadh aige;
- (e) beidh, chun críocha achomharc a shanntar dó, cumhachtaí uile an Bhinse ag rannán den Bhinse agus—
- (i) i gcás gur comhalta amháin a bheidh i rannán den Bhinse, beidh cumhachtaí uile an chathaoirligh ag an rannán sin, agus
- (ii) i gcás gur 3 chomhalta a bheidh i rannán den Bhinse, beidh cumhachtaí uile chathaoirleach an Bhinse ag an gcathaoirleach a bheidh ar rannán den Bhinse,
- agus forléireofar tagairtí san Acht seo don Bhinse agus do chathaoirleach an Bhinse mar thagairtí do rannán agus, i gcás gur 3 chomhalta a bheidh i rannán de Bhinse, do chathaoirleach rannáin, faoi seach.”,
- (b) in paragraph 4—
- (i) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fhomhír (2):
- “(2) Féadfaidh an Binse, i gcás gur cuí leis, achomharc a chinneadh ar bhonn doiciméadacht scríofa a bheidh curtha faoina bhráid gan éisteacht a thionól faoi mhír 5 den Sceideal seo.”,
- agus
- (ii) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (3):
- “(4) Cuirfidh an Binse faoi deara an breithiúnas sin a fhoilsíú ar cibé modh a chinnfidh sé is cuí (agus féadfaidh gurb é an tÍdirlíon modh an fhoilsithe sin).”,
- (c) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír 5:
- “5. (1) Féadfaidh an Binse éisteachtaí a thionól agus, le linn na n-éisteachtaí, féadfaidh sé fianaise ó bhéal agus aighneachtaí a ghlacadh ó na páirtithe uile san achomharc lena mbaineann agus thar a gceann agus ó aon duine eile agus thar ceann aon duine eile is dóigh leis an mBinse go bhfuil leas aige nó aici san achomharc nó ar dóigh go ndéanfadh cinneadh an achomhairc difear dó nó di.
- (2) Tionólfar éisteachtaí an Bhinse i ndáil phríobháideach.”,
- (d) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír 7:
- “7. Is trí throllach dá chomhaltaí a dhéanfaidh an Binse cinneadh ag achomharc nó i ndáil le hachomharc (i gcás gurb é comhaltas iomlán an

Bhinse nó rannán den Bhinse ina mbeidh 3 chomhalta a bheidh ag déileáil leis an achomharc).”,

(e) i mír 11(1)(b), tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh “ionadaí”:

“, lena n-áirítear, i gcás go gcinneadh an Binse achomharc faoi mhír 4(2) den Sceideal seo, na socruithe maidir le doiciméid a chur isteach i scríbhinn”,

agus

(f) i mír 13—

(i) i bhfómhír (2)(b), trí “don úinéir nó don áititheoir nó don duine eile sin, nó” a chur in ionad “don úinéir nó don áititheoir nó don duine eile sin.”, agus

(ii) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh chlásal (b) d’fhómhír (2):

“(c) go bhfaighidh sé nó sí leas, nó go bhfuil sé nó sí i dteideal leas a fháil, i dteacht isteach, díbhinn, ioncam, brabús, scair nó aon sochar airgid eile as cuid den mhaoin, nó as an maoin iomlán, a úsáid, a ligean ar cíós, a áitiú, a ligean nó a dhiúscairt.”.

#### **Leasú ar Sceideal 4 a ghabhann leis an bPríomh-Acht**

##### **39. Leasaítear Sceideal 4 a ghabhann leis an bPríomh-Acht—**

(a) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír 4:

“4A. (1) Aon fhoirgneamh nó aon chuid d’fhoirgneamh a úsáidtear go heisiach le haghaidh spóirt pobail, agus ar shlí eile seachas le haghaidh brabúis agus nach áitreabh club é atá, de thuras na huaire, cláraithe faoin *Registration of Clubs (Ireland) Act, 1904*.

(2) Sa mhír seo, ciallaíonn ‘spóirt pobail’ spóirt inarb iad na príomh-rannpháirtithe—

(a) áitritheoirí an cheantair ina bhfuil an foirgneamh lena mbaineann (nó an chuid den fhoirgneamh lena mbaineann) suite,

(b) áitritheoirí na gceantar i gcomharsanacht an cheantair chéadluaite, nó

(c) i gcás gníomhaíochtaí spóirt lena mbaineann foirne agus le toiliú na ndaoine atá freagrach sa cheantar céadluaite as gníomhaíochtaí spóirt sa cheantar sin a eagrú, daoine ó aon limistéar geografach.

4B. (1) Aon fhoirgneamh nó aon chuid d’fhoirgneamh a úsáidtear go heisiach le haghaidh spóirt pobail, agus ar shlí eile seachas le haghaidh brabúis, agus ar áitreabh club é atá, de thuras na huaire, cláraithe faoin *Registration of Clubs (Ireland) Act, 1904*, ach gan aon fhoirgneamh nó cuid d’fhoirgneamh a áireamh—

(a) a úsáidtear ar bhonn rialta nó ócáideach chun alcól a dhíol nó a ól nó i dteannta le halcól a dhíol nó a ól, nó

(b) a úsáidtear go díreach nó go neamhdhíreach chun teacht isteach a ghiniúint, nach éard é—

(i) táillí comhaltais club,

(ii) teacht isteach a fhaightear ó eagraíochtaí pobail chun an foirgneamh nó cuid den fhoirgneamh a úsáid chun críocha pobail, nó

(iii) teacht isteach a fhaightear ó rannpháirtithe i spórt pobail chun an foirgneamh nó cuid den fhoirgneamh a úsáid chun críocha spórt pobail.

(2) Sa mhír seo, tá le ‘spórt pobail’ an bhrí chéanna atá leis i mír 4A den Sceideal seo ach fairis an modhnú, i gcás fhomhír (1)(b)(iii) den mhír seo, go léifear an míniú ar an abairt sin sa mhír sin 4A amhail is dá ndéanfaí ‘inarb iad na príomh-rannpháirtithe, de ghnáth—’ a chur in ionad ‘inarb iad na príomh-rannpháirtithe—’.

(b) i mír 12A (a cuireadh isteach leis an Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014), trí “, ach sa mhír seo ní fholáíonn ‘cuan’ cuan ar i ndáil leis a bheidh cuideachta bunaithe de bhun alt 7 den Acht Cuanta, 1996” a chur isteach i ndiaidh “cibé áit a bhfuil sí”,

(c) i mír 14(b), trí “, seachas comhlacht ar i ndáil leis a dhéantar íoc den sórt sin de bharr an Achta fán Scéim um Thacaíocht Tithe Banaltrais, 2009” a chur isteach i ndiaidh “Státchiste”, agus

(d) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír 21 (a cuireadh isteach leis an Acht um Sheirbhísí Uisce, 2014):

“22. Aon talamh, foirgneamh nó cuid d’fhoirgneamh a úsáidtear go heisiach chun cúram agus oideachas luath-óige a sholáthar, agus atá ar áitiú ag comhlacht nach bhfuil bunaithe agus nach seoltar a ghnóthaí chun brabús príobháideach a dhéanamh.”.

### **Leasú ar Sceideal 5 a ghabhann leis an bPríomh-Acht**

**40.** Leasaítear an Príomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur in ionad Sceideal 5 a ghabhann leis:

#### “Sceideal 5

#### GLÉASRA DÁ DTAGRAÍTEAR IN ALT 51

1. Aon tógáil a bheidh daingnithe de mhaoín iomchuí (cibé acu ar thalamh nó faoi thalamh) agus a úsáidtear chun substaint a choimeád nó chun substaint nó sruth leictreach a tharchur, lena n-áirítear aon tógáil den sórt sin atá deartha nó a úsáidtear go príomha le haghaidh stórála nó coimeáda (cibé acu a dhéantar an coimeád sin chun ligean do phróiseas nádúrtha nó ceimiceach tarlú nó nach ndéantar), ach gan aon tógáil den sórt sin a áireamh a úsáidtear d’aon toisc chun próiseas athraithe a aslú ar an tsubstaint arna coimeád nó arna tarchur (dá ngairtear ‘an tsubstaint lena mbaineann’ i mír 2).

2. Chun críocha mhír 1, ní mheasfar maidir leis an méid seo a leanas gur tógáil é a úsáidtear d'aon toisc chun próiseas athraithe a aslú ar an tsubstaint lena mbaineann, eadhon, aon ítim aonair gléasra a úsáidtear nó a úsáidtear go príomha—
  - (a) le haghaidh coimeádta nó tarchurtha, nó
  - (b) le haghaidh gníomh nó gníomhartha nó sraith gníomhartha,
 

a d'fhéadfadh tarlú, sula dtarlóidh gníomh nó i ndiaidh do ghníomh tarlú lena n-aslaítear, i dtógáil ar leithligh a bheidh daingnithe den mhaoín, próiseas athraithe ar an tsubstaint lena mbaineann.
3. Ní hionann gléasra áirithe gan bheith á úsáid leis féin ach é a bheith á úsáid ina ionad sin i dteannta ítim gléasra eile nó ítimí gléasra eile agus é a bheith eisiata ó bheith ina ghléasra a measfar ina leith gur ítim aonair gléasra chun críocha na míreanna roimhe seo é.
4. Gach foirnéis, coire, oigheann agus áith atá daingnithe.
5. Gach lochán agus taiscumar.”.

**Forálacha idirthréimhseacha (ailt 43 go 45) – ráiteas ginearálta faoina n-éifeacht, lena n-áirítear a réim a shoiléiriú**

41. (1) Foráiltear le *hailt 43 go 45*, i leith cásanna áirithe ina mbeidh bearta déanta cheana faoin bPríomh-Acht roimh an dáta iomchuí, go mbeidh éifeacht leis an bPríomh-Acht, ina fhoirm neamhleasaithe, ach go bhfuil sé sin faoi réir *ailt 43(2)* agus *44(1)*.
- (2) Mura bhforáiltear a mhalairt le *hailt 43 go 45*, ní hionann, as féin, beart a bheith déanta faoin bPríomh-Acht cheana féin roimh an dáta iomchuí agus cosc a bheith ar an bPríomh-Acht, arna leasú leis an Acht seo, éifeacht a bheith leis i ndáil leis an gcás lena mbaineann.
- (3) Beidh éifeacht, go háirithe, leis an bPríomh-Acht, arna leasú leis an Acht seo, ar an agus ón dáta iomchuí, i ndáil le haon chás arb amhlaidh, roimh an dáta sin—
  - (a) a bheidh ordú luachála déanta ann, agus
  - (b) nach mbeidh aon deimhnithe luachála cóipe (a bhaineann le maoin sa limistéar údaráis rátúcháin a bheidh sonraithe san ordú luachála) eisithe ann faoi alt 26 den Phríomh-Acht.
- (4) San alt seo, tá le “dáta iomchuí” an bhrí a shanntar dó le *halt 42(2)(d)*.

**Forálacha idirthréimhseacha – léiriú ar ailt 43 go 45**

42. (1) I gcás, in aon fhoráil *d'ailt 43 go 45*, go bhforáiltear go mbeidh éifeacht leis an bPríomh-Acht, ina fhoirm neamhleasaithe, léifear an fhoráil mar fhoráil a chiallaíonn go mbeidh éifeacht leis an bPríomh-Acht amhail mar a bhí éifeacht leis díreach roimh an dáta iomchuí (mar a mhínítear i *bhfo-alt (2)* chun críocha na n-alt sin).



(2) In ailt 43 go 45—

- (a) maidir le tagairt do dheimhniú luachála cóipe, faoi alt áirithe den Phríomh-Acht, is tagairt í do chóip de dheimhniú luachála, a ndéantar foráil maidir lena heisiúint leis an alt sin;
- (b) maidir le tagairt d'fhocal nó d'abairt a úsáidtear freisin sa Phríomh-Acht, léifear é ar an modh ar a mbeidh sí le léamh de bhua an Phríomh-Achta;
- (c) ciallaíonn “iarratas ar athbhreithniú” iarratas go ndéanfar na cumhachtaí a thugtar le halt 28 den Phríomh-Acht a fheidhmiú i ndáil le maoin;
- (d) ciallaíonn “dáta iomchuí” dáta thosach feidhme na forála den Acht seo lena leasaítear na forálacha den Phríomh-Acht is iomchuí maidir leis na bearta a dhéantar sna cásanna a luaitear in ailt 43, 44 nó 45, de réir mar a bheidh.

**An chéad earnáil de chásanna idirthréimhseacha – i gcás go n-eisítear deimhnithe luachála cóipe faoi alt 26 den Phríomh-Acht**

43. (1) I gcás—

- (a) go mbeidh ordú luachála déanta roimh an dáta iomchuí, agus
- (b) go mbeidh deimhniú luachála cóipe amháin nó níos mó faoi alt 26 den Phríomh-Acht, i ndáil le maoin atá suite sa limistéar údaráis rátúcháin a bheidh sonraithe san ordú luachála, eisithe faoin alt sin roimh an dáta sin,

ansin, ar an agus ón dáta iomchuí, beidh éifeacht leis an bPríomh-Acht, ina fhoirm neamhleasaithe, i ndáil leis na nithe seo a leanas—

- (i) na deimhnithe luachála cóipe, agus
- (ii) na deimhnithe luachála faoi dheoidh, a eiseofar faoi alt 24, agus an liosta luachála, a fhoilseofar ar scór an ordaithe sin,

ach beidh an méid sin faoi réir *fho-alt (2)*.

(2) Níl feidhm ag *fho-alt (1)* maidir le halt 24 den Phríomh-Acht is alt, arna leasú leis an Acht seo, lena mbeidh éifeacht i ndáil leis na nithe dá dtagraítear san *fho-alt* sin.

**An dara hearnáil de chásanna idirthréimhseacha – i gcás nach mbeidh beart amháin nó níos mó sa phróiseas athbhreithnithe curtha i gcrích**

44. (1) I gcás, roimh an dáta iomchuí—

- (a) go mbeidh iarratas déanta ar athbhreithniú, agus
- (b) nach mbeidh deimhniú luachála cóipe, nó fógra, eisithe chuig an iarratasóir faoi alt 29 den Phríomh-Acht,

ansin, ar an agus ón dáta iomchuí, beidh éifeacht leis an bPríomh-Acht, arna leasú leis an Acht seo, i ndáil leis an iarratas sin (lena n-áirítear gach beart agus gach céim de dhroim an iarratais sin).

(2) I gcás—

- (a) roimh an dáta iomchuí—
  - (i) go mbeidh iarratas déanta ar athbhreithniú, agus
  - (ii) go mbeidh deimhniú luachála cóipe, nó fógra, eisithe chuig an iarratasóir faoi alt 29 den Phríomh-Acht, agus
- (b) nach mbeidh deimhniú luachála nó fógra faoi alt 28 den Phríomh-Acht eisithe, roimh an dáta iomchuí, chuig an iarratasóir, ansin, ar an agus ón dáta iomchuí, beidh éifeacht leis an bPríomh-Acht, ina fhoirm neamhleasaithe, i ndáil leis an iarratas sin (lena n-áirítear gach beart agus gach céim de dhroim an iarratais sin).

**An tríú hearnáil de chásanna idirthréimhseacha – i gcás go mbeidh an próiseas luachála nó athbhreithnithe curtha i gcrích ach nach mbeidh an tréimhse le haghaidh achomhairc caite nó nach mbeifear tar éis an t-achomharc a chinneadh go hiomlán**

**45.** (1) I gcás, roimh an dáta iomchuí, go mbeidh deimhniú luachála nó fógra eisithe chuig duine faoi alt 28, 33 nó 40 den Phríomh-Acht nó go mbeidh liosta luachála foilsithe faoi alt 23 den Acht sin (agus nach dtagann an cás faoi réim *alt 41(3)*), agus—

- (a) roimh an dáta sin (i ndáil le teidlíocht an duine iomchuí chun achomharc a dhéanamh) nach bhfuil, de réir mar is cuí, aon cheann díobh seo a leanas caite—
  - (i) an tréimhse 40 lá a shonraítear in alt 30(1) den Phríomh-Acht,
  - (ii) an tréimhse 28 lá a shonraítear in alt 34(2) den Acht sin, nó
  - (iii) an tréimhse 28 lá a shonraítear in alt 40(5) den Acht sin, nó
- (b) roimh an dáta sin—
  - (i) go ndearna an duine iomchuí achomharc in aghaidh an ní lena mbaineann chuig an gCoimisinéir faoi alt 30 den Phríomh-Acht ach nach bhfuil an Coimisinéir tar éis an t-achomharc a chinneadh, nó
  - (ii) go ndearna an duine iomchuí achomharc in aghaidh an ní lena mbaineann chuig an mBinse faoi alt 34 nó 40 den Phríomh-Acht ach nach bhfuil an Binse tar éis an t-achomharc a chinneadh,

ansin, ar an agus ón dáta iomchuí, beidh éifeacht leis an bPríomh-Acht, ina fhoirm neamhleasaithe, i leith na nithe seo a leanas—

- (i) teidlíocht an duine iomchuí chun achomharc a dhéanamh (agus teidlíochtaí agus oibleagáidí aon duine eile), agus
- (ii) gach beart agus gach céim de dhroim aon teidlíocht den sórt sin a bheith á hagairt,

i ndáil leis an liosta luachála sin, leis an deimhniú luachála sin nó leis an bhfógra sin.

- (2) San alt seo, ciallaíonn “duine iomchuí” an duine ar eisíodh an deimhniú luachála nó an fógra dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* chuige nó chuici nó, de réir mar a bheidh, aon duine eile dá dtagraítear in alt 30(1) den Phríomh-Acht.

#### **Gearrtheideal, comhlua agus tosach feidhme**

**46.** (1) Féadfar an tAcht Luachála (Leasú), 2015 a ghairm den Acht seo.

- (2) Féadfar na hAchtanna Luachála, 2001 go 2015 a ghairm de na hAchtanna Luachála, 2001 go 2014, d’alt 16 den Acht um Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Cúrsaí Airgeadais), 2014, d’alt 12 den Acht um Sheirbhísí Uisce, 2014 agus den Acht seo, le chéile.
- (3) Tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire le hordú nó le horduithe i gcoitinne nó faoi threoir aon chríoch nó foráil áirithe (lena n-áirítear i leith ordú luachála áirithe nó i leith cuid de) agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh chun críoch éagsúil nó le haghaidh forálacha éagsúla.
- (4) Maidir le *fo-alt (3)*, is fo-alt é i dteannta na forála a dhéantar le *halt 14* i leith thosach feidhme an leasaithe lena mbaineann an t-alt sin.